IRISH-LANGUAGE LITERATURE FESTIVAL

# IMRAM

## FÉILE LITRÍOCHTA GAEILGE

15–20 DEIREADH FÓMHAIR / OCTOBER 2018



# BUAIL NA CLOIG

## TIONSCADAL GASPAL BOB DYLAN

**RING THEM BELLS** THE DYLAN GOSPEL PROJECT

# CLÁR IMRAM Deireadh Fómhair 2018

Dé Luain 15 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Bí Urban, 3 Manor Street, Stoneybatter
**CLÓ DRAÍOCHTA 8: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA**

Dé Luain 15 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Smock Alley Theatre
**LIAM Ó MUIRTHILE: CEARDAÍ FOCAL**

Dé Mairt 16 Deireadh Fómhair | 8.00pm | National Maritime Museum of ireland, Dún Laoghaire
**DANNY SHEEHY: SAIGHDIÚIR FARRAIGE**

Dé Céadaoin 17 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Royal Irish Academy
**SIAR AGUS ANIAR: TURAS LITEARTHA LE MODERN IRELAND IN 100 ARTWORKS**

Déardaoin 18 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Pavilion Theatre
**BUAIL NA CLOIG: TIONSCADAL GASPAL BOB DYLAN**

15–20 Deireadh Fómhair | Éigse Éireann/Poetry Ireland
**MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: FATHACH FILE (EXHIBITION)**

Dé hAoine 19 Deireadh Fómhair | 10.00–5.00pm | Litríocht Éireann/Literature Ireland
**MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: COMHDHÁIL (CONFERENCE)**

Dé hAoine 19 Deireadh Fómhair | 6.00pm | Smock Alley Theatre
**MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: SEOLADH CLÓ IAR-CHONNACHT (BOOK LAUNCH)**

Dé hAoine 19 Deireadh Fómhair | 8.00pm | Smock Alley Theatre
**MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: AN tEARRACH THIAR (SONG CYCLE)**

Dé Sathairn 20 Deireadh Fómhair | Áras Newman, UCD
**DORAS ISTEACH DON DOMHAN: AN tAISTRIÚCHÁN LITEARTHA GAEILGE IN ÉIRINN AGUS THAR LEAR**

Dé Sathairn 20 Deireadh Fómhair | 2.00pm | National Maritime Museum of Ireland
**AR AIS GO RINN NA MARA: A MULTI-MEDIA POETRY SHOW**

Dé Sathairn 20 Deireadh Fómhair | 8.30pm | McGrattan's
**MÓROÍCHE LITRÍOCHTA AGUS CHEOIL**

Déardaoin 25 Deireadh Fómhair | 7.00pm | UCD Belfield (Léachtlann R, Foirgneamh Newman)
**LÉACHT UÍ CHADHAIN LEIS AN DR LIAM MAC AMHLAIGH**

Dé Sathairn 27 Deireadh Fómhair | Éigse Éireann/Poetry Ireland
**CEARDLANN NÁISIÚNTA: AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL AGUS AN SPLANCSCÉAL**

---

11–13 Deireadh Fómhair & 10 Samhain | Leabharlann an Lexicon, Dún Laoghaire
**IMRAM NA nÓG**
Imeachtaí agus spraoi don teaghlach go léir trí Ghaeilge – litríocht, scríbhneoireacht, drámaíocht, líníocht, scéalaíocht, cruthaitheacht, eolaíocht agus draíocht – spreagadh don tsamhlaíocht!

---


## BUÍOCHAS Ó CHROÍ LE/HEARTFELT THANKS TO:

Rónán Ó Muirthile; Cathal Póirtéir; Gabriel Rosenstock; Caitlín Uí Mhealóid, Foras na Gaeilge; Sarah Bannan, An Chomhairle Ealaíon/Arts Council; Daithí Ó Maolchoille; Siobhán Nic Gaoithín; Ray Yeates, Martin Colthorpe & Aimée Van Wylick, International Literature Festival, Dublin; Ruth Hegarty, Royal Irish Academy; Deirdre Nic Conaonaigh; Máirín Nic Eoin; Síobhra Aiken; Sinead Doyle, Haddington House; Siobhan Carolan Blum, National Maritime Museum; Seán Tadhg Ó Gairbhí; Eibhlín Uí Mhorónaigh; Michelle Reid, Business to Arts; Daithí Mac Uait, Cumann Cultúrtha Mhic Reachtain; Bairbre Ní Chonchúir & Eoin McEvoy, Scoil na Gaeilge, UCD; Maureen Kennelly & foireann, Éigse Éireann/Poetry Ireland; Clare Bell & Brenda Dermody, Dublin Institute of Technology; Hugh Murray, Pavilion Theatre; The Brad Pitt Light Orchestra; Carol De Buitléir, RTÉ Supporting the Arts; Micheál Ó Conghaile & Bridget Breathanch, Cló Iar-Chonnacht; Grainne Ní Mhuilneoir & Jenifer Ní Ghrádaigh, Cois Life; Mark Granier; Jim Berkeley; Niamh Lawlor & Eithne Carson


---


## CREDITS

Thanks to: Jean-Luc Ourlin for Bob Dylan at Massey Hall, Toronto, April 18, 1980 photo, CC BY-SA 2.0 (adapted); Margaret Lonergan for Liam Ó Muirthile photo; Mark Granier for Sandymount photo.

**DÉ LUAIN 15 DEIREADH FÓMHAIR**

**Monday 15 October | 6.00pm**

**BÍ URBAN,**
**3 Manor Street, Stoneybatter**
Saorchead isteach/free admission

# CLÓ DRAÍOCHTA 8: TAISPEÁNTAS CLÓGHRAFAÍOCHTA

**EXHIBITION LAUNCH AND READING**




I gcomhar le IMRAM, tá léachtóirí Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath, **Clare Bell** agus **Brenda Dermody**, tar éis taispeántas speisialta eile a chur le chéile de théacsanna nualitríochta agus na dánta sin claochlaithe go healaíonta ag na mic léinn.

In collaboration with IMRAM, Dublin Institute of Technology lecturers **Clare Bell** and **Brenda Dermody** have curated another special exhibition of Irish language literature texts imaginatively rendered by DIT design students. Poetry selected for the exhibition includes work by **Áine Durkin**, **Marcus MacConghail**, **Máire Dinny Wren** and **Gabriel Rosenstock**.

This year the students will be designing a special digital exhibition, with both static and moving visuals, and featuring recordings of the poets reading, which will be available online.






DÉ LUAIN 15 DEIREADH FÓMHAIR

Monday 15 October | 8.00pm



## CEILIÚRADH AR SHAOL AGUS AR SHAOTHAR LIAM UÍ MHUIRTHILE

File, úrscéalaí, drámadóir, craoltóir, colúnaí, aistritheoir, criticeoir, údar don aos óg – bhain an-éagsúlacht agus scóip le **Liam Ó Muirthile** mar scríbhneoir. Bhí sé ar dhuine de sheanfhondúiri *INNTI*, i dteannta Mhichael Davitt, Nuala Ní Dhomhnaill agus Gabriel Rosenstock, tréimhseachán filíochta a raibh an-tionchar aige ar fhriotal is ar mheon na nua-éigse. Bhuaigh a chéad chnuasach filíochta, *Tine Chnámh*, Duais an Ríordánaigh san Oireachtas agus an duais Irish-American Cultural Foundation.
I measc na n-úrscéalta uaidh tá *Ar Bhruach na Laoi*, *Sceon na Mara*, úrscéal bleachtaireachta suite ar chósta thoir na hÉireann; agus *An Colm Ban*, úrscéal liteartha atá suite i bPáras. Léirigh Amharclann de hÍde an dráma *Tine Chnámh* i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1993, léiríodh *Fear an Tae* in Amharclann Lána Aindriú i 1995 agus *Liodán na hAbhann* sa bhliain 2000. Lárthéama ina shaothar ab ea an choisíocht agus sna leabhair dheireanacha uaidh *Oilithreach Pinn* agus *Camino de Santiago:*



**SMOCK ALLEY THEATRE,**
**Exchange Street Lower, Temple Bar**
Cead isteach/admission €12
Booking: (01) 677 0014
www.smockalley.com
or www.ceardai-focal.eventbrite.ie



# Ceardaí Focal

## Craftsman of Words

*Poems, Poemas, Dánta*, roinn sé a chuid smaointe linn faoi na tírdhreacha agus na daoine a bhí roimhe ar an gCamino.

Poet, novelist, dramatist, broadcaster, columnist, translator, critic and children's author – **Liam Ó Muirthile** was a writer of extraordinary diversity, depth and breadth. Tonight IMRAM celebrates the many facets of Liam's life in a special gala performance of the very best of his work. Liam's poetry and prose will be read by **Greg Delanty**, **Louis de Paor**, **Philip King**, **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**, **Claire Ní Mhuirthile** and **Gabriel Rosenstock**. **Diarmuid de Faoite** and others will perform excerpts from his plays; and acclaimed musicians **Cormac Breathnach** and **Peadar Ó Riada** will perform new music inspired by Liam's poetry. The show will feature screen projections by **Margaret Lonergan**.

*Produced by IMRAM in association with Éigse Éireann/Poetry Ireland.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann








**DÉ MAIRT 16 DEIREADH FÓMHAIR**

**Tuesday 16 October | 8.00pm**

**NATIONAL MARITIME MUSEUM OF IRELAND,**
**Haigh Terrace, Dún Laoghaire**
Cead isteach/admission €12
Booking: www.saighdiuir-farraige.eventbrite.ie



# SAIGHDIÚIR FARRAIGE

## A CELEBRATION OF THE LIFE AND WORK OF DANNY SHEEHY

Saolaíodh Domhnall Mac Síthigh – nó Danny Sheehy mar ab fhearr aithne air – i gCorca Dhuibhne. File, staraí áitiúil, feirmeoir, iascaire, fear seanchais, é ag baile ar muir is ar tír. Scéalaí nótáilte ab ea é agus an-mheas air mar threoraí siúlóide. I measc na leabhar uaidh tá cnuasach filíochta *Súil Seilge*; *Allagar na gCloch*, cur síos dhátheangach ar fhallaí cloch Chorca Dhuibhne; agus an leabhar móréilimh *Fan Inti* a bhain le saoirseacht bháid agus seanchas na naomhóige.

Domhnall Mac Síthigh – also known as Danny Sheehy – was born and lived in Corca Dhuibhne. A poet, local historian, farmer, memoirist, fisherman, a man at home on sea or land, he was a remarkable storyteller and well known for his guided walks. Tonight IMRAM remembers Danny in a special night of talk, poetry, music and song – featuring **Breandán Ó Beaglaoich**, **Feargal Mac Amhlaoibh**, **Paddy Bushe**, **Simon Ó Faoláin**, **Bríd Ní Mhóráin**, **Tadhg Ó Dúshláine**, **Ceaití Ní Bheildiúin**, **Dairena Ní Chinnéide**, **Peadar Ó hUallaigh** and **Seán Mac an tSíthigh**. Curated by poet and broadcaster **Cathal Póirtéir**, who will be fear an tí for the event. The performance will feature screen projections by **Margaret Lonergan**.









## DÉ CÉADAOIN 17 DEIREADH FÓMHAIR

**Wednesday 17 October | 8.00pm**

**ROYAL IRISH ACADEMY, 19 Dawson Street**
Cead isteach/admission €12
Booking: www.siar-agus-aniar.eventbrite.ie

## A LITERARY JOURNEY WITH *MODERN IRELAND IN 100 ARTWORKS*

Is é an t-ealaíontóir i gcónaí a bhíonn ag iarraidh an rud doráite a rá, a deir Fintan O'Toole, eagarthóir *Modern Ireland in 100 Artworks* (Acadamh Ríoga na hÉireann i gcomhar leis an *Irish Times*). Is leabhar é atá maisithe go haoibhinn agus a thugann spléachadh dúinn, tríd an ealaín is an litríocht, ar stair na hÉireann ó 1916 go dtí 2015. Léiriú ilmheánach é *Siar agus Aniar* ar na scríbhneoirí Gaeilge próis agus filíochta atá sa díolaim seo. **Máirín Nic Eoin** a bhí mar chomhairleoir Gaeilge agus a roghnaigh míreanna a bhaineann le tírdhreach, pobal agus cultúr Chorca Dhuibhne.



# siar agus aniar

## TURAS LITEARTHA LE *MODERN IRELAND IN 100 ARTWORKS*






'It is always artists who are trying to say the unsayable,' states Fintan O'Toole, editor, in his introduction to *Modern Ireland in 100 Artworks*. This beautifully illustrated book – published by the Royal Irish Academy in association with *The Irish Times* – charts the history of Ireland from 1916 to 2015 through its art and literature. *Siar agus Aniar* is a multi-media performance of poetry and prose by influential Irish language writers featured in *Modern Ireland in 100 Artworks*. The book's Irish language consultant **Máirín Nic Eoin** has selected texts that explore Irish language literature's deep associations with the landscapes, people and culture of west Kerry. It will feature work by Tomás Ó Criomhthain, Máire Mhac an tSaoi, Seán Ó Ríordáin, Michael Davitt and Nuala Ní Dhomhnaill – read by **Dara Ó Cinnéide**, **Ailbhe Ní Ghearbhuigh**, **Louis de Paor**, **Séamus Barra Ó Súilleabháin** and **Dairena Ní Chinnéide**. The performance will feature music by **Colm Ó Snodaigh** and screen projections by **Margaret Lonergan**.

*Produced by IMRAM in partnership with the Royal Irish Aacademy.*

Acadamh Ríoga na hÉireann
Royal Irish Academy

## DÉARDAOIN 18 DEIREADH FÓMHAIR

**Thursday 18 October | 8.00pm**

**PAVILION THEATRE,**
**Dún Laoghaire**
Cead isteach: €24/22
Booking (01) 231 2929
or www.paviliontheatre.ie



Chuir Bob Dylan a lucht leanúna trína chéile sna 1980í nuair a d'iompaigh sé ina Chríostaí agus nuair d'eisigh sé trí albam (*Slow Train Coming*, *Saved* agus *Shot of Love*) – ceol gaspal funcaí a bhí ag cur thar maoil le 'tine is bromastún'. Sna ceolchoirmeacha beo a bhain le gaspal, chualathas an amhránaíocht ba phaiseanta riamh uaidh. Is ag tarraingt ar na halbaim sin a bheidh *Buail na Cloig/Ring them Bells*, móide amhráin eile den bhlas céanna ar nós 'Señor' agus 'Knocking on Heaven's Door'.

In the 1980s Bob Dylan shocked his fans by converting to Christianity and releasing three albums (*Slow Train Coming*, *Saved* and *Shot of Love*) of funky fire-and-brimstone gospel music. His live gospel concerts showcased the most passionate singing of his career. *Buail na Cloig / Ring them Bells* draws from these albums, and other gospel-themed songs from his career,

# BUAIL NA CLOIG
## TIONSCADAL GASPAL BOB DYLAN

# RING THEM BELLS
## THE BOB DYLAN GOSPEL PROJECT

SONGS BY BOB DYLAN,
PERFORMED IN IRISH BY:

**LIAM Ó MAONLAÍ**
(vocals, piano)

**EMMA GARNETT,**
**ESOSA IGHODARO**
**& ZEENAT SARUMI** (vocals)

**ROD McVEY** (organ)
**PETER O'TOOLE** (guitar)
**BILL SHANLEY** (guitar)
**AL CARVER** (bass)
**BRIAN RICE** (drums)



such as 'Señor', 'Knocking on Heaven's Door' and 'Ring them Bells'. The songs will be performed by singers **Liam Ó Maonlaí**, **Emma Garnett**, **Esosa Ighodaroand Zeenat Sarumi**; **Rod McVey** (organ); **Peter O'Toole** (guitar); **Bill Shanley** (guitar); **Al Carver** (bass); and **Brian Rice** (drums). The lyrics have been translated into exquisite Irish by poet **Gabriel Rosenstock**. Screen projections by **Margaret Lonergan**. Produced by **Liam Carson**, IMRAM Féile Litríochta Gaeilge.

arts council / an chomhairle ealaíon — funding literature — artscouncil.ie
Foras na Gaeilge
Dublin City / Baile Átha Cliath
IMRAM Féile Litríochta Gaeilge — Irish Language Literature Festival — A Voyage of Discovery
Pavilion Theatre

**15–20 DEIREADH FÓMHAIR**

**15–20 October 2018**

**ÉIGSE ÉIREANN/POETRY IRELAND,**
**11 Parnell Square East, Dublin 1**
Saorchead isteach/Free admission




## MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: EXHIBITION

Féachann an mórthaispeántas uaillmhianach seo, *Fathach File/Reluctant Modernist*, le súil eile a thabhairt ar an bhfile Árainneach, Máirtín Ó Direáin, cothrom agus 30 bliain i ndiaidh a bháis. Is é seo an chéad taispeántas dá leithéid ar fhile Gaeilge. Baintear leas as grianghraif phearsanta, foinsí cartlainne, agus bailiúcháin phríobháideacha le léargas cuimsitheach a thabhairt ar an 'bhfathach file' seo a leag síos clocha na nuafhilíochta Gaeilge.



This ambitious exhibition, *Fathach File/Reluctant Modernist*, offers an alternative view of the Aran island poet, Máirtín Ó Direáin, thirty years after his death. The first major exhibition to focus on Irish language poetry, it draws on personal photographs, archival sources, and private collections to provide a comprehensive insight into the life and works of the father of modern Irish language poetry.

*Presented by Éigse Éireann/Poetry Ireland in association with IMRAM.*

Poetry Ireland
Éigse Éireann

DÉ hAOINE 19 DEIREADH FÓMHAIR

Friday 19 October | 10.00–5.00pm

**LITRÍOCHT ÉIREANN/LITERATURE IRELAND,**
**36 Sráid na bhFíníní,**
**Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath 2**
Saorchead isteach/Free admission

# COMHDHÁIL MHÁIRTÍN Ó DIREÁIN

## MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: CONFERENCE

Tríocha bliain ó shin i mbliana a bhásaigh an mórfhile Máirtín Ó Direáin agus mar chomóradh ar a shaol agus a shaothar tá an Chomhdháil lae seo á heagrú ina onóir chun deis a thabhairt do dhaoine a shaol agus a shaothar a phlé. Beidh an chomhdháil seo á heagrú ag Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le Scoil na Gaeilge, Coláiste na Tríonóide, Litríocht Éireann agus IMRAM.

The influential poet Máirtín Ó Direáin died thirty years ago, and this conference in his honour gives an opportunity to people to discuss his life and work.

NA CAINTEOIRÍ/THE SPEAKERS

**Pádraig de Paor**:
'Súil Eile ar "Ó Mórna"'

**Alan Titley**:
'"Ó Mórna" agus an Dán Fada'

**Caoimhín Mac Giolla Léith**:
'"Fireann ar an Uaigneas":
Inscne an Direánaigh'

**Caitríona Ní Chléirchín**:
'An Scáil Jungach i Saothar an Direánaigh'

**Síobhra Aiken**:
'"Thuig Fear Amháin na Mná?":
Deilbh na mBan i Saothar
Mháirtín Uí Dhireáin'

**Frank Sewell**:
'Ag Aistriú Filíocht
Mháirtín Uí Dhireáin'






**DÉ hAOINE 19 DEIREADH FÓMHAIR**

**Friday 19 October | 6.00pm**

**SMOCK ALLEY THEATRE,**
**Exchange Street Lower, Temple Bar**
Saorchead isteach/Free admission



# SEOLADH

## CLÓ IAR-CHONNACHT

### MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: BOOK LAUNCH




***An Chuid Eile Díom Féin: Aistí Próis le Máirtín Ó Direáin***
Síobhra Aiken (eag.)

Cé gur mar fhile is fearr aithne ar an Árannach Máirtín Ó Direáin (1918–1988), chleacht sé prós chomh maith i gcaitheamh a shaoil, altanna a bhformhór, a foilsíodh in irisí agus nuachtáin mar *An Stoc*, *Ar Aghaidh*, *Scéala Éireann*, *Feasta* agus araile. Tá éagsúlacht mhór ábhar sa gcnuasach seo: an saol in Árainn agus an file ina ghasúr, cúrsaí litríochta, saol na cathrach le hais saol na tuaithe chomh maith le blúiríní beaga cumadóireachta.

Though best known as a poet, Mairtín Ó Direáin contributed prose essays and articles to a wide range of magazines and newspapers. *An Chuid Eile Díom Féin: Aistí Próis* collects the very best of these, covering themes of island life, childhood and literary criticism.




***Máirtín Ó Direáin: Selected Poems/Rogha Dánta***
Aistrithe agus in eagar ag / Translated by Frank Sewell

Ainneoin gur fhoilsigh Tomás Mac Síomóin agus Douglas Sealy *Tacar Dánta/Selected Poems* leis an Direánach i 1984 agus go ndeachaigh athchló air i 1992, tá sé as cló le fada. Seo chugainn, mar sin, aistriúcháin nua Bhéarla maille, leis na bunleaganacha Gaeilge, ar beagnach dhá chéad dán dá chuid, le duine de mhóraistritheoirí fhilíocht na Gaeilge. Tá na dánta "móra" uilig anseo, 'Dínit an Bhróin', 'An tEarrach Thiar', 'Ó Mórna', agus súil go rachaidh siad i bhfeidhm an ghlúin nua léitheoirí, i mBéarla agus i nGaeilge.

*Máirtín Ó Direáin: Selected Poems/Rogha Dánta* is the first bi-lingual collection of selected poems by Máirtín Ó Direáin since the publication of *Tacar Dánta/Selected Poems* in 1984, now out of print. It features some 200 poems, with English versions by Frank Sewell.

## DÉ hAOINE 19 DEIREADH FÓMHAIR

**Friday 19 October | 8.00pm**




**SMOCK ALLEY THEATRE,**
**Exchange Street Lower, Temple Bar**
Cead isteach/admission €15
Booking: (01) 677 0014 or www.smockalley.com
or www.earrach-thiar.eventbrite.ie

# Máirtín Ó Direáin
## An tEarrach Thiar

## MÁIRTÍN Ó DIREÁIN 1910–1988: SONG CYCLE

Fear an chairdín **Johnny Óg Connolly** a chum an saothar suaithinseach seo don amhránaí **Liam Ó Maonlaí**: is é atá sa tsraith 12 amhrán *An tEarrach Thiar* ná cóiriú ceoil ar dhánta de chuid an Direánaigh – seó a dhéanann tochailt liriciúil ar théama a bhaineann le cúltúr Árann, le grá is le cion agus le hathrú cultúir laistigh de shaolré duine amháin.

Tá Connolly aitheanta anois mar chumadóir ceoil dúchais agus ceol nuachumtha atá sa chuid is mó den albam is déanaí uaidh, *Siar* (2016): sárbhailiúchán. Tá aithne i gcéin is i gcóngar ar an amhránaí Liam Ó Maonlaí, príomhamhránaí leis na Hothouse Flowers agus cara mór le IMRAM. Mar chúlbhrat, tá portráid den Direánach le **Seán Ó Flaithearta** a coimisiúnaíodh le haghaidh an tseó. Arna léiriú ag **Deirdre Nic Conaonaig**h.

Composed by Galway accordionist **Johnny Óg Connolly** for singer **Liam Ó Maonlaí**, *An tEarrach Thiar* is a cycle of 12 songs which sets poems by Máirtín Ó Direáin to music. This acclaimed show has already spellbound audiences at Éigse an Spidéil, Seanscoil Sailearna in Indreabhán, and An Taibhdhearc in Galway City. It is a moving and lyrical exploration of themes of Aran Islands culture; love and affection; and cultural change in one person's lifetime.

**DÉ SATHAIRN 20 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 20 October**

**ÁRAS NEWMAN, UCD**
**Scoil na Gaeilge, an Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, Áras Newman, UCD, Belfield, Baile Átha Cliath 4**
Saorchead isteach/free admission

# DORAS ISTEACH DON DOMHAN

## AN tAISTRIÚCHÁN LITEARTHA GAEILGE IN ÉIRINN AGUS THAR LEAR

**A WAY IN FOR THE WORLD: IRISH LITERARY TRANSLATION AT HOME AND ABROAD**

CLÁR

09:00 **CLÁRÚ**: A215, Scoil na Gaeilge, An Léinn Cheiltigh agus an Bhéaloidis, Áras Newman, UCD, Belfield

09:30 **SEISIÚN 1** (ceathrar cainteoirí ag déanamh plé ar an aistriúchán liteartha)

11:15 Sos tae

11:30 **SEISIÚN 2** (ceathrar cainteoirí ag déanamh plé ar an aistriúchán liteartha)

13:15 Lón

14:00 **LÉAMH FILÍOCHTA TRÍTHEANGACH** (Béarla, Gaeilge, Gearmáinis) le **GABRIEL ROSENSTOCK** agus **HANS CHRISTIAN OESER**

14:45 **COMHRÁ** le haistritheoirí CRÉ NA CILLE

16:00 Críoch

Farainn ar an lá le plé a dhéanamh ar a gcuid aistriúchán ar an úrscéal clúiteach *Cré na Cille* le Máirtín Ó Cadhain, beidh: **Annamária Éva Dudik** (ón Ungáir), **Gabriele Haefs** (ón nGearmáin), an **Dr Radvan Markus** (ó Phoblacht na Seice), an t**Ollamh Jan Erik Rekdal** (ón Iorua) agus an t**Ollamh Alan Titley** (ó Éirinn).

Pléifidh siad na dúshláin a bhain leis an téacs suntasach seo agus na réitigh chruthaitheacha ar tháinig siad orthu le prós craicneach croíúil an Chadhnaigh a chur in iúl ina gcuid teangacha féin.




Tá Lárionad de Bhaldraithe fíorbhuíoch de Shíolchiste UCD agus de Bhliain na Gaeilge as an maoiniú a chur ar fáil don chomhdháil seo.

**DÉ SATHAIRN 20 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 20 October | 2.00pm**

**NATIONAL MARITIME MUSEUM OF IRELAND,**
**Haigh Terrace, Dún Laoghaire**
Cead isteach/admission €5
Booking: www.rinn-na-mara.eventbrite.ie

# AR AIS GO RINN NA MARA

## BACK TO SEAPOINT

### A MULTI-MEDIA POETRY SHOW



Baile Átha Cliath, Dún Laoghaire, Cill Mhantáin agus Ríocht ársa Chualann a spreagann saothar gleoite seo **Rody Gorman**, tírdhreach agus cuimhní fite fuaite ina chéile. Tugtar ar imram sinn ar fharraige focal ó Mhuilte Uí Bheoláin agus Droichead Portobello i gcroílár na hardchathrach, via tránna Chuas an Ghainimh agus Rinn na Mara, go dtí sliabh eibhir Chipiúr agus lochanna Chill Mhantáin. Machnamh ar aislingí na hóige atá sa seó cumasach seo, le híomhánna scáileáin ó **Mhargaret Lonergan** agus fuaimdhreacha beo á gcruthú agus á seinm ag **Seán Mac Erlaine**.

Dublin, Dún Laoghaire, Wicklow and the ancient Kingdom of Cuala are at the heart of **Rody Gorman**'s exquisite poetic exploration of landscape and memory. In this series of triremes – three line poems in Irish and in English – Gorman takes us on a journey from Boland's Mill and Portobello Bridge in Dublin city, via the beaches of Sandymount and Seapoint, to the granite mountain of Kippure and the lakes of Wicklow. He recalls school days 'on Charleville Road with Ms O'Rourke's books'; a childhood 'vision-poem dream beside the Poddle'; and sees himself 'back on my own in Bewley's, our salon de thé, like it was only yesterday and in 1966'.

Rody will read to screen projections created by artist **Margaret Lonergan** and soundscapes created and performed live by composer and musician **Seán Mac Erlaine**.



**DÉ SATHAIRN 20 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 20 October | 8.30pm**

**McGRATTAN'S**
**76 Fitzwilliam Lane, Baggot Street**
Cead isteach/admission €12
Booking: www.moroiche.eventbrite.ie

# MÓROÍCHE
## LITRÍOCHTA AGUS CHEOIL

### GALA NIGHT OF LITERATURE AND MUSIC

Beidh móroíche litríochta agus cheoil á stáitsiú anocht ag IMRAM. Lainseálfar trí leabhar nua agus léifear píosaí astu agus beidh seisiún ceoil againn, ceol únua a bhfuil fréamhacha doimhne aige sa dúchas.

Seinneann **Thatchers of the Acropolis** meascán de cheol leictreonach, sean-nós agus rac. D'eisíodar a gcéad singil, 'Port Geal' i mí Aibreáin – is fiú breathnú ar an YouTube – agus is geal le IMRAM iad a bheith ar bord. Comharghnó turgnamhach é **Árchú** le meascán den fhocal labhartha, ceol traidisiúnta na hÉireann agus amhráin leictrea-acústach. Anocht, léifidh **Dave Duggan** as an nóibhille aige *Makaronik*, suite i bhfostaisiún sonraí ar imeall na hImpireachta, Doire, sa bhliain 2584, agus cóiriú ficsean eolaíochta ar ghnéithe de Thóraíocht Dhiarmada agus Ghráinne. Léifidh **Alan Titley** as *Lámh, Lámh Eile*, úrscéal bleachtaireachta *noir*: páirteach ann



tá an lucht siúil, coirpigh Rúiseacha agus póilíní cama. Léifidh **Simon Ó Faoláin** as *An Corrmhíol*, leagan den dán fada *A' Mheanbhchuileag* (Gairm, 1980) leis an Albanach Fearghas MacFhionnlaigh, duine beag i ngleic le ceisteanna móra. Beidh na leabhair sin á seoladh ag **Cathal Póirtéir**, **Pat Butler** agus Alan Titley faoi seach.

**Thatchers of the Acropolis** play a mixture of electronica, sean-nós and rock. These descendants of Athenian roof thatchers released their first single 'Port Geal' in April. Since then they have wandered the Macedonian Highlands looking for a gig, which IMRAM is delighted to give them. **Árchú** are an experimental collective that fuse spoken word, Irish traditional music and electro-acoustic songs.

Tonight **Dave Duggan** will read from his novella, *Makaronik*, 'set in a data sub-station on the edge of the Empire, Doire, in the year 2584', and a thrilling science-fiction reworking of elements of the Diarmuid and Gráinne tale. **Alan Titley** will read from *Lámh, Lámh Eile*, a darkly humorous *noir* detective novel featuring travellers, Russian criminal gangs and corrupt police. Poet **Simon Ó Faoláin** will read from *An Corrmhíol*, his translation from the Scottish Gaelic of Fearghas MacFhionnlaigh's book *A' Mheanbhchuileag*, a long poem dealing with how the small thing or the small person deals with the big questions of science, art, philosophy and belief. These books will be launched by **Cathal Póirtéir**, **Pat Butler** and Alan Titley respectively.





## DÉARDAOIN 25 DEIREADH FÓMHAIR

**Thursday 25 October | 7.00pm**

**UCD BELFIELD**
**Léachtlann R, Foirgneamh Newman**
Saorchead isteach/free admission



# 'Tá na coiscéimeanna tar éis filleadh arís: Leanúnachas agus nua-aoiseachas san fhilíocht iarchadhnach'

## LÉACHT UÍ CHADHAIN LEIS AN DR LIAM MAC AMHLAIGH

Bíonn tréimhsí in aon teanga nuair a bhíonn filíocht na teanga sin faoi bhláth. Samhlaítear lár na haoise seo caite mar thréimhse den chineál sin sa Ghaeilge ó aimsir an Direánaigh, an Ríordánaigh agus Mháire Mhac an tSaoi ar aghaidh chuig filí INNTI, agus cuid áirithe filí eile idir eatarthu, nár bhain an cháil chéanna amach. Luaitear leoithne úr na hEorpa agus an Domhain ag dul i bhfeidhm ar scríbhneoirí Gaeilge na hÉireann; ach ar tharla an nua-aoiseachas a bheith i dtreis i bhfilíocht na Nua-Ghaeilge an tráth sin? An féidir linn téada an nua-aoiseachais a aithint san fhilíocht chéanna? An ionann filí faoi thionchar an nua-aoiseachais dhomhanda agus filí nua-aoiseacha iontu féin?

Tabharfaidh an léacht seo aghaidh ar chuid de na ceisteanna seo trí scrúdú a dhéanamh ar fhilí INNTI go príomha agus an tslí a dtáinig siad in inmhe. Breathnófar ar a bhfoinsí inspioráide; ceisteofar na múnlaí a bhí á leanúint acu agus an oidhreacht a bhí le tabhairt ó ghlúin amháin filí go glúin eile. Scrúdófar an tréimhsiú atá déanta ar na filí seo, agus a réamhtheachtaí agus breathnófar ar mhacasamhail chomhthreomhar de bhuíon filí sna Stáit Aontaithe an tráth céanna sna gnóthaí seo: Filí an tSléibhe Dhuibh/The Black Mountain Poets ó North Carolina.



Áiteofar ar deireadh nach féidir linn leas a bhaint as lipéad mar fhilí nua-aoiseacha ná iar-nua-aoiseacha le ceart i gcás Davitt, Uí Mhuirthile, Rosenstock, Ní Dhomhnaill et al, ach gur gá fearas agus téarmaíocht nua chriticiúil a bhunú ar thréimhse eiseamláireach i bhfilíocht na teanga.

This year's Ó Cadhain lecture explores the theme of modernism in Irish language poetry, with a special focus on the INNTI poets.

**DÉ SATHAIRN 27 DEIREADH FÓMHAIR**

**Saturday 27 October**

**ÉIGSE ÉIREANN/POETRY IRELAND,**
**11 Parnell Square East, Dublin 1**
Saorchead isteach/free admission

## CEARDLANN NÁISIÚNTA:

# AN GEARRSCÉAL, AN tÚRSCÉAL AGUS AN SPLANCSCÉAL

## CLÓ IAR-CHONNACHT

**STIÚRTHÓIRÍ NA CEARDLAINNE:**
**MICHEÁL Ó CONGHAILE AGUS MICHEÁL Ó RUAIRC**

Beidh an cheardlann seo dírithe den chuid is mó ar scríbhneoirí óga/nua nach bhfuil aon leabhar foilsithe fós acu ach a léiríonn cumas scríbhneoireachta sa ghearrscéal, san úrscéal nó sa splancfhicsean. Tabharfar áit ar an gceardlann freisin áfach do dhornán scríbhneoirí aitheanta, rud a rachaidh chun leasa na scríbhneoirí óga agus na scríbhneoirí aitheanta araon. Tugtar cuireadh do scríbhneoirí ar mhaith leo a bheith páirteach sa cheardlann gearrscéal, sliocht as úrscéal (5–8 lch) nó cúpla splancscéal dá gcuid a sheoladh chuig Stiúrthóir CIC, Micheál Ó Conghaile ag moccic@eircom.net ROIMH an 15 Deireadh Fómhair 2018.

Roghnófar na saothair is feiliúnaí agus déanfar iad a phlé agus a mheas ag an gceardlann. Seolfar saothar gach scríbhneora chuig gach iarrthóir (a bheidh ag freastal ar an gceardlann) roimh ré ionas go mbeidh deis acu iad a léamh. Tríd an modh oibre seo beidh na hiarrthóirí ar fad in ann páirt ghníomhach a ghlacadh sa cheardlann, agus foghlaim ó laigí agus ó bhuanna shaothar a chéile. Beidh áit d'ochtar ar a mhéid ar an gceardlann. Níl aon táille i gceist don cheardlann seo ach beidh iarrthóirí freagrach as a gcuid costas taistil féin agus lóistín sa chás go mbeadh a leithéid i gceist.

**Tuilleadh eolais:**
Micheál Ó Conghaile nó Bridget Bhreathanch, Cló Iar-Chonnacht
Fón: (091) 593307 | Ríomhphost: moccic@eircom.net | www.cic.ie

*Tá an cheardlann seo á heagrú le tacaíocht ón gComhairle Ealaíon*

*(Á heagrú i gcomhar le IMRAM agus Éigse Éireann/Poetry Ireland)*

Poetry Ireland Éigse Éireann

11–13 DEIREADH FÓMHAIR & 10 SAMHAIN

11–13 October & 10 November 2018, Dún Laoghaire

IMEACHTAÍ GO LÉIR SAOR IN AISCE ALL EVENTS FREE OF CHARGE

# IMRAM na nÓg

Imeachtaí agus spraoi don teaghlach go léir trí Ghaeilge – litríocht, scríbhneoireacht, drámaíocht, líníocht, scéalaíocht, cruthaitheacht, eolaíocht agus draíocht – spreagadh don tsamhlaíocht!

Free Children's Literature & Arts Festival – Nurture your imagination and join us on a 'voyage of discovery'! Áirithintí agus eolas: noirin@glornangael.ie

## DÉARDAOIN 11 DEIREADH FÓMHAIR

Thursday 11th October

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4

Children's Library, Level 4

### MÁIRE ZEPF

Ceardlanna scéalaíochta agus scríbhneoireachta leis an údar iomráiteach seo. Tá go leor leabhar do pháistí scríofa ag **Máire Zepf** agus neart duaiseanna bainte amach aici do leithéidí *Ná Gabh ar Scoil!*, *Lá leis na Lochlannaigh*, *Tubaiste ar an Titanic*, agus sraith *Rita* ina measc. Tá Máire chomh maith mar an chéad Chomhalta le Scríbhneoireacht do Pháistí in Ollscoil na Banríona, Béal Feirste.



**Máire Zepf** is an award-winning author and the first ever Children's Writing Fellow for Northern Ireland and she will present dynamic, interactive storytelling and writing workshops on the theme of 'emotions' with music, games and a dragon!



**11.00–11.50am** Rang 1–3

### RITA AGUS AN DRAGAN

Seisiún idirghníomhach scéalaíochta le ceol, cluichí agus (dragain!) ag díriú ar théama 'na mothúcháin'

**12.00–1.00pm**

### SCRÍOBH LIOM! Rang 4–6

Ceardlann bhríomhar scríbhneoireachta ar cad é mar a chuirtear na mothúcháin in iúl sa scríbhneoireacht? Beidh cluichí, spraoi agus dragain ag Máire chun taispeáint dúinn!

Áirithintí agus eolas: **noirin@glornangael.ie**

## DÉ hAOINE 12 DEIREADH FÓMHAIR
Friday 12th October

**10.00–1.00pm**

## CEARDLANN STIÚIDEO

An Scoil Náisiúnta Scannánaíochta, Institiúid Ealaíne, Deartha agus Teicneolaíochta Dhún Laoghaire, Ascaill na Cille

National Film School, Institute of Art, Design and Technology, Dún Laoghaire (IADT)

**Daltaí Idirbhliana**



Seisiún praiticiúil idirghníomhach ar obair stiúideo, cheamara, scripte agus scannánaíochta sa phríomhstiúideo i Scoil Náisiúnta Scannánaíochta IADT dírithe ar dhaltaí meánscoile idirbhliana leis an sainchomhairleoir meán, físiriseoir, láithreoir, aisteoir, agus ceoltóir **Peadar Ó Goill** (*Is Eolaí Mé*, *BLOC TG4*, *Jack Taylor: Nemesis*).

Practical hands-on workshop on studio, camera, script and filming skills in the National Film School studio aimed at transition year students with media consultant, video journalist, presenter, actor and musician **Peadar Ó Goill**.

Bookings & info: **ronan.omuirthile@iadt.ie**

## DÉ hAOINE 12 DEIREADH FÓMHAIR
Friday 12th October

**11.00–12.00pm agus 12.30–1.30pm**

## CEARDLANNA DRÁMAÍOCHTA LE DIARMUID DE FAOITE

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4

Children's Library, Level 4

**Rang 3–6**

Ceardlanna drámaíochta dhátheangacha leis an aisteoir, scríbhneoir agus stiúrthóir cáiliúil (*Corp agus Anam, Ros na Rún, Black 47, Kings, Pádraic Ó Conaire, Pilgrimage agus go leor obair theilifíse, stáitse agus scannánaíochta eile).* Dhá cheardlann dhátheangach do pháistí ó Rang 3–Rang 6 ón 11–12pm agus ón 12.30–1.30pm le cluichí agus sceitsí ar théama na litríochta – deis chun scileanna drámaíochta a fhoghlaim agus a fhorbairt le neart spraoi agus gluaiseachta geallta!



Bilingual drama workshops with well-known actor, author and director **Diarmuid de Faoite**. Two workshops for children from Classes 3–6 from 11–12pm and 12.30–1.30pm with games and sketches on the theme of literature – an ideal opportunity to learn and develop drama skills with lots of fun and movement guaranteed!

Bookings & info: **noirin@glornangael.ie**

## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4
Children's Library, Level 4

**11.00–12.00pm**

### CEARDLANN LÍNÍOCHTA LE LUCY NÍ DHUIGINN

**Gach Aois**

Ceardlann agus taispeántas líníochta le **Lucy Ní Dhuiginn**, láithreoir agus ealaíontóir *Stiúideo Lucy*, Cúla4 agus buaiteoir cúig dhuais agus príomhbhuaiteoir ar Chomórtas Ealaíne Texaco 2017.



Illustration workshop and demonstration with five-time prizewinner and overall winner of the 2017 Texaco Art competition and artist-presenter of TG4's *Stiúideo Lucy*.




## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Amharclann an Studio, Leibhéal 1
(ar chúl na Bialainne)
The Studio, Level 1

**12.00–1.00pm**

### AN FEAR SIÚIL

**Aois 6–10**

Dráma le Compántas Amharclannaíochta Graffiti le Jody O'Neill, leagan Gaeilge le Síle Ní Bhroin. *Is beag an domhan é seo ach is mór an scéal.* Bíonn an Fear Siúil i gcónaí ag siúl. Brostaíonn sé ó seo go siúd, gan suaimhneas gan scíth, gan stopadh gan sos. Oibríonn sé go dian mar a athair roimhe i dtreo an urláir is airde san fhoirgneamh is mó sa chathair ar fad. Ach, lá amháin, dúisíonn an Fear Siúil agus tá mothú aisteach ann istigh. Imíonn sé ar turas nua, i bhfad ón mbealach abhaile, ar thóir rud éigean nach dtuigeann sé go fóill… Léiriú mealltach meafarach ar chroí an duine é seo. Le ceol nua-chumtha beo, téimid ar turas leis an aisteoir go dtí domhain an fhir shiúil. Spás teoranta, uasmhéid 60 duine.


## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

**11.00–4.30pm**

## SIAMSAÍOCHT DO THEAGHLAIGH

**Gach Aois**




Greann agus spraoi leis an bhfear grinn **Giggles** agus leis an dineasár **T-Rex Ó Saurus**. Cuireann Giggles aoibh an gháire ar aghaidh gach duine idir óg agus aosta! Mar chuid dá seó teaghlaigh, bíonn sé ag cruthú carachtair éagsúla as balúin, ag imirt cleasanna draíochta agus ag léiriú dráma puipéid!



Family entertainment in the LexIcon and lots of fun with **Giggles** the clown and the dinosaur **T-Rex Ó Saurus**! Giggles puts a smile on everyone's face, both old and young. As part of his family show, he creates characters from balloons, demonstrates magic tricks and performs a puppet show!




**An Fear Siúil** tells the tale of a man who has spent his whole life in pursuit of success, like his father. And when he finds success, with Walking Woman and little Walking Baby at his side, something doesn't feel quite right... So an Fear Siúil must go on an entirely new journey, which takes him far from home... A charming allegory, which will captivate its audience. With the help of an original live music score, the actor brings us into the miniature world of the Walking Man, a tiny wooden figure. Limited space, maximum 60 people.

Áirithintí agus eolas: **noirin@glornangael.ie**

## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4
Children's Library, Level 4

**2.00–2.25pm agus 2.35–3.00pm**

### SIÓG LAUREN AGUS FAUNA

Gach Aois

Tar ag spraoi le **Síog Lauren** agus a cara **Fauna an tAonbheannach**! Éist lena cuid scéalta faoi Ghleann na Sí, bí ag damhsa leo agus d'fhéadfá mian síoga a dhéanamh!



Two performances with **Fairy Lauren** and her friend **Fauna the Unicorn**. Hear their stories from Gleann na Sí, dance and maybe even make some fairy wishes!

## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Seomra 1, Leibhéal 3
Room 1, Level 3


**2.00–3.30pm**

Aois 5+

### DEALBHÓIREACHT CRÉ LE CORMAC Ó BRÉARTÚIN

Seisiún buail isteach dealbhóireachta chré le **Cormac Ó Bréartúin.** Cruthaigh do dhealbha agus carachtair féin as cré!

Drop-in Clay Sculpture sessions. Create your own sculptures and characters from clay!



## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Amharclann an Studio, Leibhéal 1 (ar chúl na Bialainne)
The Studio, Level 1

**2.00–4.30pm**

Aois 3–10

### BRÍCÍ SPRAOI BRANAR



San Áit Súgartha Samhlaíochta, tiocfaidh páistí ar bhloic mhóra ghorma déanta as cúr le cruthanna éagsúla orthu: cearnóga, liathróidí, nascóirí &rl… neart spraoi agus siamsaíocht don teaghlach go léir!

In the Imagination Playground, children will discover big blue foam blocks of various shapes: squares, balls, connectors and more – lots of fun and entertainment for all the family!

## DÉ SATHAIRN 13 DEIREADH FÓMHAIR
Saturday 13th October

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4
Children's Library, Level 4

**3.00–4.30pm** Gach Aois

## EOLAÍOCHT LE PEADAR Ó GOILL



Taispeántas turgnaimh eolaíochta, scéalaíocht agus ceol le **Peadar Ó Goill** ón gclár iomráiteach *Is Eolaí Mé* (Cúla4). Go leor siamsaíochta agus spraoi geallta!!

Scientific experiments, storytelling and music with **Peadar Ó Goill** from the award-winning TG4 programme *Is Eolaí Mé*. Lots of excitement and fun guaranteed!!

## DÉ SATHAIRN 10 SAMHAIN
Saturday 10th November

Leabharlann an LexIcon, Dún Laoghaire

Leabharlann na bPáistí, Leibhéal 4
Children's Library, Level 4

**2.00–3.30pm** Gach Aois

## TADHG MAC DHONNAGÁIN

Beidh Tadhg ag cur i láthair a leabhar nua *Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi*, aistriúchán véarsaíochta ar phictiúrleabhar cáiliúil Julia Donaldson agus Axel Scheffler *A Squash and a Squeeze*. Beidh sé ag léamh a phictiúrleabhair féin, *Uinsionn Donn*, scéal faoi bhéar cantalach, a raibh an craoltóir aitheanta Vincent Browne mar inspioráid dó, agus ag casadh roinnt amhrán agus ag aithris roinnt rannta ó na cnuasaigh 'Bliain na nAmhrán', 'Gugalaí Gug!' agus 'Peigín Leitir Móir'.



Award-winning author, musician and publisher **Tadhg Mac Dhonnagáin** will entertain and enthral children with his new book *Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi*, a lyrical translation of Julia Donaldson and Axel Scheffler's famous picture book *A Squash and a Squeeze*. He will also present his own picture book about a grumpy bear, *Uinseann Donn*, inspired by Broadcaster Vincent Browne! As well as singing from the various Futa Fata Irish language Rhymes & Music books, 'Bliain na nAmhrán', 'Gugalaí Gug!' and 'Peigín Leitir Móir'.

Áirithintí agus eolas: **noirin@glornangael.ie**

A VOYAGE OF DISCOVERY

# IMRAM

Aidhm IMRAM saibhreas na litríochta Gaeilge comhaimseartha a roinnt le cách agus an pobal a thabhairt linn ar aistear mistéireach.

IMRAM aims to bring its audiences on a 'voyage of discovery' that reveals the rich diversity of modern Irish language literature.

Beidh leabhair ar díol ag formhór na n-ócáidí. Ceannaigh leabhar nó dhó! Books will be on sale at most IMRAM events.

**TUILLEADH EOLAIS/FURTHER INFORMATION:**
Liam Carson r-phost/e-mail info@imram.ie
Fón/phone (087) 291 2797

**WWW.IMRAM.IE |**

**STIÚRTHÓIR NA FÉILE/DIRECTOR**
Liam Carson

**COIMEÁDAÍ IMRAM NA nÓG/CHILDREN'S EVENTS CURATOR**
Siobhán Nic Gaoithín

**BORD IMRAM/FESTIVAL BOARD**
Liam Mac Mathúna, Fionnuala Ní Dhúgáin, Siún Ní Dhuinn, Bríd Ní Ghruagáin, Osgur Ó Ciardha, Cearbhall Ó Siocháin (cathaoirleach), Tristan Rosenstock, Alan Titley

**FIOSRÚCHÁIN PHOIBLÍOCHTA/PUBLICITY QUERIES**
Please contact Kate Bowe
Phone: (01) 652 0143 or (086) 267 5018 | Email: kate@katebowepr.ie

Dearadh: Kieran Nolan, www.oldtown.ie